
# Fleadh Cheoil na hÉireann

Eochairfhocail: fleadh, Loch Garman, ceoltóirí, réalta ceoil, sluaite, an consairtín

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad a bhí ar siúl i Loch Garman?
2. Cad a bhí le clos ar gach cúinne?
3. Cén uirlis cheoil a bhí á seinm ag Neasa Ní Bhraonáin?
4. Cad as do mháthair Neasa?
5. Cén fáth ar cuireadh ionadh an domhain ar mhuintir Loch Garman?
6. Cad is ainm don tigh tábhairne a raibh Ed Sheeran ag seinm ann?
7. An raibh a lán daoine i láthair sa tigh tábhairne le héisteacht le Ed Sheeran ag seinm?
8. Cén lá a dtiocfaidh deireadh leis an bhFleadh?
9. An dtaitníonn an ceol traidisiúnta leat? Cén fáth?
10. Ar mhaith leat freastal ar Fhleadh Cheoil na hÉireann an bhliain seo chugainn? Tabhair dhá chúis le d’fhreagra.



# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

Breathnaigh ar an mír nuachta arís agus faigh amach cé acu an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Bhí Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl i Loch Garman i mbliana | **F** | |
| Is léir ón mír nuachta nach raibh aon duine ag baint taitnimh as an bhFleadh | | |
| Is beag duine a bhí i láthair ar shráideanna Loch Garman le linn na fleidhe | | |
| Tá tionchar láidir Chiarraí le clos ar cheol Neasa Ní Bhraonáin | | |
| Ní sheinneann Neasa aon uirlis cheoil | | |
| Is Ciarraíoch é athair Neasa | | |
| Ní raibh aon réalta móra ceoil ag seinm ag an bhFleadh | | |
| Amuigh faoin aer a bhí Ed Sheeran ag seinm ag an bhFleadh | | |
| Bhí Galway Girl ar cheann de na hamhráin a chas Ed Sheeran le linn an tseisiúin | | |
| Bhíothas ag súil le suas le 750,000 duine i Loch Garman don Fhleadh | | |
| Cuirfear deireadh leis an bhFleadh i gceann trí seachtaine | | |

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta don Ghnáthleibhéal: Ríomhphost



Bhí tú ag an bhFleadh i mbliana le do theaghlach. Cuir ríomhphost chuig do chara ag insint di conas a d’éirigh leat ann. I do ríomhphost déan tagairt do na nithe seo a leanas:

· an méid laethanta a bhí sibh ann
· an áit a raibh sibh ag fanacht
· an méid daoine a bhí ann
· an saghas atmaisféir a bhí ann
· eachtra dhearfach amháin a tharla ann
· eachtra dhiúltach amháin a tharla ann

Ó:
Chuig:
Ábhar:

Foghlaim TG4

## Freagraí

1. Fleadh Cheoil na hÉireann
2. Ceoltóirí óga
3. Aan consairtín
4. Baile na hAbha, an Daingean, Ciarraí
5. Tháinig Ed Sheeran go dtí an Fhleadh
6. An Talamh agus an Spéir
7. Bhí
8. An Domhnach




Foghlaim TG4